Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2020
(OR. en)

7276/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0055(APP)**

FIN 210
CADREFIN 71

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7147/20 - COM(2020) 174 final |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7205/20 |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 a mhéid a bhaineann le raon feidhme an Chorrlaigh Fhoriomláin le haghaidh Gealltanas |

1. An 2 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 a mhéid a bhaineann le raon feidhme an Chorrlaigh Fhoriomláin le haghaidh Gealltanas.

2. Scrúdaíodh an togra ar leibhéal na meithle an 6 Aibreán. Leagtar amach an téacs a d'eascair as an scrúdú sin agus ar ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch in 7170/20.

3. I gcomhréir le hAirteagal 312(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an Rialachán ag gníomhú di d'aon toil, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

4. An 8 Aibreán 2020, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé i bprionsabal agus an 14 Aibreán, chomhaontaigh an Chomhairle toiliú ó Pharlaimint na hEorpa leis an dréachtrialachán, mar a leagtar amach in 7170/20 é, a iarraidh[1]. Táthar ag súil lena toiliú leis an dréachtrialachán a fháil ó Parlaimint na hEorpa an 16 Aibreán.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé maidir le téacs an Rialacháin (AE, Euratom) ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014- 2020 a mhéid a bhaineann le raon feidhme an Chorrlaigh Fhoriomláin le haghaidh Gealltanas, mar a leagtar amach in 7170/20 é (agus mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air);

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn leis an ngníomh a ghlacadh; agus

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar, go gcinnfidh an Chomhairle maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

[1] 7205/20.